# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2004

## TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**DÉ LUAIN, 14 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 go 4.50**

### TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

Baineann Ceist 1 leis an Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis agus tá sí éigeantach.

Tá na ceisteanna eile, ó 2 go dtí 18, leagtha amach i **gCEITHRE** roinn. Is iad seo, Tíreolaíocht Fhisiceach, Tíreolaíocht Shóisialta, Tíreolaíocht Eacnamaíoch, Tíreolaíocht Réigiúnach agus Dhomhanda.

Caithfear **cúig cheist** a fhreagairt ach **gan níos mó ná dhá cheist** a fhreagairt as an aon roinn amháin. Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi:

- Ceist 1;
- Ceist amháin sa Tíreolaíocht Réigiúnach agus Dhomhanda [as Ceisteanna 14-18];
- Trí cheist eile as 2-18;

Tá rogha na gceisteanna as 2 –18 faoi réir ag an gcoinníoll atá luaite thuas, nach bhfuil sé ceadaithe **níos mó ná dhá cheist** a fhreagairt as an aon roinn amháin.

---

**DEIMHNIGH LE DO THOIL GO bhFUIL LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS AGUS AERFHÓTAGRAF AGAT SULA dTUGANN TÚ FAOIN bPÁIPÉAR SEO.**

## <u>NÍ MÓR</u> AN CHEIST SEO A FHREAGAIRT

### <u>CEIST 1.</u> <u>SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS</u>

Scrúdaigh an Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis 1:50 000 agus an Eochair Eolais a tugadh duit leis an bpáipéar seo.

**(i)** Tarraing sracléarscáil den limistéar atá clúdaithe ag an Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis. Ar an sracléarscáil **<u>taispeáin</u>** agus **<u>ainmnigh</u>** iad seo a leanas:

- Abhainn na Muaidhe
- Láithreán Carbhán
- Teorainn Chontae
- Líne Iarnróid **<u>agus</u>** Stáisiún Traenach
- Príomhbhóthar Náisiúnta

**(30 marc)**

**(ii)** Úsáid fianaise ón Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis amháin, agus luaigh **<u>TRÍ</u>** chúis ar fhás baile mór Bhéal an Átha ag an suíomh sin.

**(30 marc)**

**(iii)** Tá go leor nithe le tairiscint do thurasóirí ag an gceantar atá clúdaithe ag an léarscáil. Ainmnigh **<u>DHÁ</u>** cheann ar bith díobh seo agus mínigh gach ceann ar leith acu go beacht le fianaise ón léarscáil amháin.

**(20 marc)**

**nó**

Dá mbeadh sé beartaithe Ionad Loisceora a thógáil (a úsáidtear chun dramhaíl a loisceadh ar mhodh rialaithe) in aice le Ceathrú Chaisleáin, ag tagairt eangaí G250170:

Mínigh buntáiste **<u>AMHÁIN</u>** agus míbhuntáiste **<u>AMHÁIN</u>** a bhaineann leis an suíomh don Ionad seo.

**(20 marc)**

## TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH

**Ceisteanna 2 - 5**

**CEIST 2. AN FHARRAIGE NÓ MUIRÍ**



**(i)** Aill, Poll Séideáin, Staic Mhara, Trá, Tambaló agus Barra Gainimh.
Roghnaigh **TRÍ** ghné ar bith díobh sin thuas agus i gcás **GACH** ceann díobh

- Déan cur síos agus mínigh, le cúnamh léaráide, an chaoi ar cruthaíodh é.

**(60 marc)**

**(ii)** "Is féidir damáiste a dhéanamh do cheantair cois cósta má bhaineann daoine an iomarca úsáide astu."
Ainmnigh agus mínigh cineál **AMHÁIN** damáiste a dhéanann daoine i gceantair cois cósta agus mínigh bealach **AMHÁIN** ar féidir cosc a chur leis seo (é a stopadh).

**(20 marc)**

**CEIST 3. AIBHNEACHA**

**(i)** Ainmnigh **DHÁ** ghné atá cruthaithe ag creimeadh aibhneacha agus **DHÁ** ghné atá cruthaithe ag sil-leagan aibhneacha.

**(20 marc)**

**(ii)** Mínigh, le cúnamh léaráidí, an chaoi ar cruthaíodh **TRÍ** ghné ar bith a ainmníodh i gcuid (i), agus luaigh **sampla in Éirinn** de gach ceann díobh.

**(60 marc)**

**CEIST 4. AN DOMHAN FISICEACH**

Tabhair míniú réasúnta mion ar **DHÁ** cheann de na ráitis seo a leanas:

**(i)** Beidh tionchar mór ar Éirinn ag Athrú Aeráide sa todhchaí. **(40 marc)**

**(ii)** Fadhb is ea creimeadh ithreach i móran áiteanna ar domhan i gcónaí. **(40 marc)**

**(iii)** Cruthaítear carraigeacha ar mhórán bealaí éagsúla. **(40 marc)**

**(iv)** Tá tírdhreacha suntasacha in Éirinn de thoradh gníomhaíochta oighreata. **(40 marc)**

**CEIST 5. AOLCHLOCH**

Poill Slogaide, Aolchuisní, Pábhálacha agus Colúin Aolchloiche

**(i)** Luaigh na gnéithe díobh sin thuas atá **faoi thalamh** agus iad sin atá **os cionn talún**.

**(20 marc)**

**(ii)** Mínigh, le cúnamh léaráide, cén chaoi ar cruthaíodh **TRÍ** cinn ar bith de na gnéithe atá ainmnithe i gcuid (i).

**(60 marc)**

## TÍREOLAÍOCHT SHÓISIALTA

**Ceisteanna 6 - 9**

**CEIST 6. AERFHÓTAGRAF DE BHÉAL AN ÁTHA**

Scrúdaigh an t-aerfhótagraf a tugadh duit leis an bpáipéar seo.

**(i)** Tarraing sracléarscáil den limistéar de Bhéal an Átha atá clúdaithe ag an aerfhótagraf.

**Taispeáin** agus **ainmnigh** iad seo a leanas:

- Dhá Shráid Chónasctha
- Eastát Tionsclaíoch
- Ionad Siopadóireachta
- Scoil
- Dhá Dhroichead

**(30 marc)**

**(ii)** Iarradh ort, mar mhac léinn Tíreolaíochta, suíomh oiriúnach a mholadh i gcomhair Óstáin nua sa limistéar atá clúdaithe ag an bhfótagraf.

Roghnaigh suíomh don Óstán agus mínigh **TRÍ** chúis le do rogha.

**(30 marc)**

**(iii)** Is léir ón bhfótagraf gur tógadh baile mór Bhéal an Átha ar abhainn mhór. Déan cur síos agus tabhair míniú ar **DHÁ** shochar a thugann an abhainn don bhaile mór.

**(20 marc)**

## CEIST 7. STAIDÉAR DAONRA

**(i)** "Aistríonn (bogann) a lán daoine ó cheantair tuaithe isteach i mbailte móra agus cathracha."
Déantar na cúiseanna atá leis seo a roinnt idir **Tosca Sáite** agus **Tosca Tarraingte**.
Mínigh cad is brí leis na téarmaí **Tosca Sáite** agus **Tosca Tarraingthe.** Bíodh tagairt agat i do fhreagra do shamplaí a ndearna tú staidéar orthu. **(60 marc)**

**(ii)** "Fagann daoine óga áiteanna in Iarthar na hÉireann i gcónaí chun gairmeacha níos fearr a aimsiú i mBaile Átha Cliath, san Eoraip nó i Meiriceá."
Mínigh **DHÁ** shlí ina bhféadfadh Rialtas na hÉireann na daoine óga seo a spreagadh chun fanacht san Iarthar. **(20 marc)**

## CEIST 8. CÚNAMH FORBARTHA




**(i)** Is mó cineál cúnaimh a thugann an Domhan Forbartha don Domhan atá i mBéal Forbartha. Orthu sin tá:

- Cúnamh Déthaobhach
- Cúnamh Iltaobhach
- Cúnamh Éigeandála
- Cúnamh Forbartha
- Cúnamh Neamhrialtais (NGOnna)

Roghnaigh **<u>TRÍ</u>** cinn ar bith de na cineálacha cúnaimh seo agus mínigh cén chaoi a ndearna **<u>GACH</u>** ceann ar leith díobh leas na dtíortha sa Domhan atá i mBéal Forbartha. **(60 marc)**

**(ii)** "Ní leigheasfaidh cúnamh amháin fadhbanna an domhain atá i mBéal Forbartha."
An aontaíonn tú leis an ráiteas seo? Mínigh do fhreagra. **(20 marc)**

## CEIST 9. SAINCHEISTEANNA SA TÍREOLAÍOCHT SHÓISIALTA

Tabhair míniú réasúnta mion ar **<u>DHÁ</u>** cheann de na ráitis seo a leanas:

**(i)** Is minic a fhulaingíonn Dídeanaithe agus Lucht Iarrtha Tearmainn de bharr leatroim. **(40 marc)**

**(ii)** Tá daonra Bhaile Átha Cliath ag fás ró-thapa agus cuireann sé seo brú ollmhór ar sheirbhísí. **(40 marc)**

**(iii)** Tá ról na bhfear sa tsochaí ag athrú go tréan. **(40 marc)**

**(iv)** Tá roinnt Tíortha atá i mBéal Forbartha i bhFiacha leis an mBanc Domhanda. Ba chóir na Fiacha seo a laghdú nó a chur ar ceal. **(40 marc)**

## TÍREOLAÍOCHT EACNAMAÍOCH

**Ceisteanna 10 - 13**

**CEIST 10. TIONSCLAÍOCHT DÉANTÚSAÍOCHTA**

**(i)** Is mó toisc (rudaí) a mbíonn tionchar acu ar lonnú tionscal. Ar na tosca sin tá:

- Amhábhair
- Lucht Saothair
- Margaí
- Beartais Rialtas
- Áiseanna Iompair
- Fuinneamh

Roghnaigh **TRÍ** thoisc díobh sin thuas agus mínigh cén chaoi a raibh tionchar ag gach ceann díobh ar lonnú **tionscail a ndearna tú staidéar air**. **(60 marc)**

**(ii)** Mínigh **DHÁ** éifeacht dhiúltacha a bhíonn ag an tionsclaíocht déantúsaíochta ar an timpeallacht. **(20 marc)**

**CEIST 11. IOMPAR**

**(i)** Aer, Bóithre, Iarnróid, Canálacha agus Píblínte.

Roghnaigh **DHÁ** cheann de na modhanna iompair thuas agus mínigh na **BUNTÁISTÍ** agus na **MÍBHUNTÁISTÍ** atá ag gach ceann díobh. **(60 marc)**

**(ii)** "Uafás saolta is ea trácht Bhaile Átha Cliath ag na tráthanna ardbhrú gach lá toisc go bhfuil líon na gcarranna ar na bóithre ag méadú de shíor."

Mínigh **DHÁ** shlí ina bhféadfaí an trácht seo le linn tráthanna ardbhrú a rialú nó a laghdú. **(20 marc)**

**CEIST 12. SAINCHEISTEANNA SA TÍREOLAÍOCHT EACNAMAÍOCH**

Tabhair míniú réasúnta mion ar **DHÁ** cheann de na ráitis seo a leanas:

**(i)** Ábhar mór imní is ea boilsciú praghsanna i ngeilleagar na hÉireann. **(40 marc)**

**(ii)** Tá Fuinneamh Gaoithe In-athnuaite á úsáid níos mó de réir a chéile in Éirinn agus ba chóir é a spreagadh. **(40 marc)**

**(iii)** Creideann a lán eolaithe go spreagfaidh truailliú Athrú Aeráide sa todhchaí. **(40 marc)**

**(iv)** Is féidir an fheirmeoireacht a léiriú mar chóras ina bhfuil ionchuir, próisis agus aschuir. **(40 marc)**

**<u>CEIST 13.</u>** **<u>OBAIR ALLAMUIGH</u>**

Maidir le cleachtadh **AR BITH** a rinne tú ar obair allamuigh sa Tíreolaíocht:

**(i)** Luaigh **teideal** agus **aidhmeanna** an chleachtaidh. **(8 marc)**

**(ii)** Tabhair cuntas **beacht** ar **<u>DHÁ</u>** shlí a ndearna tú **ullmhúchán** don chleachtadh. **(16 marc)**

**(iii)** Tabhair cuntas **beacht ar <u>THRÍ</u> mhodh a d'úsáid tú chun an t-eolas a bhailiú**. **(24 marc)**

**(iv)** Mínigh **<u>TRÍ</u> thoradh** ar an gcleachtadh allamuigh. **(12 marc)**

**(v)** Mínigh **<u>TRÍ</u> mhodh a d'úsáid tú chun do thorthaí a chur i láthair**. **(12 marc)**

**(vi)** Mínigh **scil amháin a d'fhoghlaim tú** agus an cleachtadh allamuigh ar bun agat. **(8 marc)**

## TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH AGUS DHOMHANDA

**Ceisteanna 14 - 18**

- **Ní mór duit Ceist Amháin ar a laghad sa Tíreolaíocht Réigiúnach agus Dhomhanda a fhreagairt <u>ach</u> ní thig leat níos mó ná Dhá Cheist a fhreagairt.**

**<u>CEIST 14.</u>** **<u>TÍORTHA AGUS A gCUID RÉIGIÚN</u>**

An Danmhairg, an tSualainn, an Eilvéis, an Ísiltír, an Iodáil agus an Ghearmáin.

I gcás **<u>AON CHEANN AMHÁIN</u>** de na tíortha thuas a ndearna tú staidéar orthu:


**(i)** Tarraing sracléarscáil a thaispeánann an chaoi a roinnfeá an tír iomlán ina **<u>DHÁ RÉIGIÚN NÓ BREIS</u>**. **(20 marc)**

**(ii)** Roghnaigh **<u>DHÁ</u>** réigiún díobh seo agus i gcás gach ceann díobh, déan cur síos ar fhorbairt an réigiúin faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Tíreolaíocht Fhisiceach
- Talmhaíocht
- Déantúsaíocht **<u>nó</u>** Seirbhísí **(60 marc)**

**CEIST 15. IASCAIREACHT SAN EORAIP**

Na cúinsí atá riachtanach do scoileanna móra éisc.




Tá mórán tosca (nithe) a théann i bhfeidhm ar iascaireacht farraige san Eoraip. Orthu seo tá:

- Scairbh Ilchríochach Leathan
- Síobadh Mór an Atlantaigh Thuaidh
- Cuanta Domhaine agus Foscúla
- Beartais Rialtais
- Traidisiún Fada Iascaireachta
- Margaí

Roghnaigh **CEITHRE** cinn ar bith de na tosca thuas agus mínigh cén chaoi a raibh tionchar acu ar thionscal na hiascaireachta **i dtír ar bith san Eoraip a ndearna tú staidéar uirthi**. **(80 marc)**

**CEIST 16. RÉIGIÚIN SAN EORAIP**

An Andalúis, Iarthar na hÉireann, Abhantrach Pháras, Sasana Thoir-Theas, an Massif Central agus Nordkalotten (Tuaisceart na hIorua agus na Sualainne).

Roghnaigh réigiún croíláir **AMHÁIN** agus réigiún imeallach **AMHÁIN** as liosta na réigiún thuas, agus déan cur síos ar na réigiúin faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Aeráid
- Talmhaíocht
- Tionscail Déantúsaíochta **(80 marc)**

**CEIST 17. RÁITIS AR AN EORAIP**

Roghnaigh **DHÁ** cheann ar bith de na ráitis seo a leanas agus pléigh go mion iad:


**(i)** Tá mórán le tairiscint ag Réigiún na Meánmhara do thurasóirí. **(40 marc)**

**(ii)** Tionscal mór san Iorua is ea an Fhoraoiseacht. **(40 marc)**

**(iii)** Tá an Ruhr sa Ghearmáin ar cheann de na réigiúin thionsclaíocha is mó tábhacht san Eoraip. **(40 marc)**

**(iv)** Tá mórán fadhbanna ag Réigiún an Nord/Pas de Calais sa Fhrainc. **(40 marc)**

**CEIST 18.** **TÍREOLAÍOCHT DHOMHANDA**




Scrúdaigh an léarscáil thuas den domhan.

**(i)** Ainmnigh na nithe 1 – 10 **i do leabhar freagraí**.

Tíortha 1, 2 agus 3; Oileáin 4 agus 5; Abhainn mhór 6; Cathracha 7 agus 8; Ceantar Farraige 9; Bá 10.

**(20 marc)**

***** Tabhair faoi deara go bhfuil léarscáil an domhain i mbliana ar an bpáipéar scrúdaithe seachas ar bhileog ar leith.

**(ii)** Tá na limistéir seo a leanas ar nuacht an domhain mhóir le blianta beaga.

*An Iaráic *An Meán-Oirthear *Tuaisceart Éireann

Roghnaigh ceann **AMHÁIN** de na háiteanna thuas agus tabhair cuntas ar na ceisteanna a bhaineann leis.

**(40 marc)**

**(iii)** "Fadhb is ea an ciníochas i mórán tíortha i gcónaí."

Luaigh **DHÁ** chúis leis seo. **(20 marc)**